# Tangraim (Litreacha)

| | |
|---|---|
| **Gné den Mhata** | Cruth agus Spás - cruthanna 2T<br>Tomhais - achar, imlíne<br>*Naisc Thraschuraclaim - Teanga agus Litearthacht, An Domhan Thart Orainn, Na hEalaíona* |
| **Próisis** | **Cinntí a Dhéanamh agus Monatóireacht a Dhéanamh Orthu**<br>• réimse straitéisí a fhorbairt le haghaidh réiteach fadhbanna, ag lorg dóigheanna le deacrachtaí a shárú<br>**Déanamh Cumarsáide go Matamaiticiúil**<br>• smaointe agus modhanna oibre s'acu a chur i gcomparáid le daoine eile<br>**Réasúnú Matamaiticiúil**<br>• patrúin agus gaolta ginearálta a aithint agus tuartha a dhéanamh fúthu |
| **Teanga agus Téarmaíocht** | triantán, comhchosach, comhshleasach, scailéanach, dronuilleach, cearnóg, dronuilleog, comhthreomharán, rombas, traipéisiam, eitleog, peinteagán, heicseagán, heipteagán, ochtagán, achar, imlíne, teisiliú, meastachán, rothlaigh, suíomh, digit |
| **Áiseanna** | puzail de thangraim, gné thangraim ar Uirlis Sórtála Mol Mata, páipéar cearnógach |

## Cur Síos ar an Ghníomhaíocht

### 1 Gníomhaíocht 1

Iarr ar na daltaí 'C' sa chás uachtair a chruthú, na seacht bpíosa tangraim in úsáid acu. Lig dóibh iad seo a roinnt le comhscoláire/leis an rang agus iad a chur i gcomparáid le chéile.

### 2 Gníomhaíocht 2

Fiosraíonn daltaí na litreacha eile sa chás uachtair is féidir a dhéanamh, na seacht bpíosa tangraim in úsáid acu.

### 3 Gníomhaíocht 3

I mbeirteanna, cuireann dalta amháin ceann dá chuid litreacha i bhfolach agus tugann sé treoracha dá chomhscoláire. Tá ar an dalta an litir sin a athchruthú. Ansin, cuireann siad an iarracht i gcomparáid leis an litir í féin. Ansin, malartaíonn siad na róil atá acu, is é an dalta a thug na treoracha ar dtús an dalta atá ag dul iad a fháil anois.

### 4 Gníomhaíocht 4

Measann agus ansin ríomhann daltaí achar/imlíne gach pictiúr de litir ó Ghníomhaíochtaí 1 agus 2.

### 5 Gníomhaíocht 5

Athdhéan Gníomhaíochtaí 1-4 ag úsáid litreacha sa chás íochtair den aibítir nó siombailí ón mhéarchlár.

## Ceisteanna Samplacha

| Ceisteanna Druidte | Ceisteanna Oscailte |
|---|---|
| • Cad iad na litreacha is féidir leat a dhéanamh ó na píosaí tangraim a roghnaigh tú?<br>• An dtig leat litir X a dhéanamh?<br>• An bhfuil litreacha ann nach bhfuil tú ábalta a dhéanamh ag úsáid na bpíosaí tangraim?<br>• Cén litir a bhfuil an t-achar/an imlíne is mó/is lú ag baint léi?<br>• Cad é imlíne/achar do litreach?<br>• An bhfuil do litir siméadrach? | • Cad é mar a bhí a fhios agat go rachadh do phíosaí le chéile le do litir a dhéanamh?<br>• Cad é mar a bhí a fhios agat nach dtiocfadh leat litir faoi leith a dhéanamh?<br>• Cad é a thugann tú faoi deara faoi do litreacha?<br>• Cad é an rud is dúshlánaí/is fusa maidir leis an ghníomhaíocht seo? Cad chuige?<br>• Cad é a bhí úsáideach agus tú ag iarraidh pictiúr de litir do chomhscoláire a athchruthú?<br>• Cad iad na straitéisí a d'úsáid tú le cur síos a dhéanamh ar an phictiúr de litir do do chomhscoláire?<br>• Cad é mar a bhí a fhios agat go raibh do mheastachán réasúnta? |

## Difreáil

Socraigh líon na litreacha de réir thuiscint na ndaltaí. Maidir le daltaí a bhfuil riachtanais fhoghlama bhreise acu, socraigh am (m.sh., ord na sealaíochta) agus rannpháirtíocht de réir mar is cuí.



